

Luibheanna agus Plandaí Úsáideacha a chur

Tráth Bliana

Ar feadh na bliana.

Cuspóir

Luibheanna a phlandáil i ngarraí na scoile.

Ceangal trasna an Churaclaim

OSIE:

OSPS:

Teangacha:

Ealaín:

An Curaclam Neamhfhoirmeálta:

Dúile beo, Feasacht agus Cúram Imshaoil, iniúchadh.

Na céadfaí a úsáid, Dath, boladh, blas, tadhall.

Focail nua / litriú.

Comharthaí a dhéanamh / líniocht / luibheanna fáiscithe.

Bia Sláintiúil, Food Dudes, Discover Primary Science.



1

Na hacmhainní is gá

Réimse luibheanna éagsúla i bpotaí, múirín saor ó ábhar móna, myopex nó plaisteach dubh, móta coirte, píciní láimhe, sluaiste nó lánta, miotóga, lipéid & comharthaí.

Nóta: Is féidir luibheanna a úsáid mar chógas leighis nó le linn cócaireachta. Bíonn leas astu mar go dtarraingíonn siad feithidí agus gur maith iad go minic mar phlandaí comhludair.

- Is féidir luibheanna a phlandáil i measc glasraí (plandaí bliana); a phlandáil thart ar thoir torthaí agus ar chrainn torthaí (luibheanna scartha, mar shampla, mismín, comfar, neantóga).
- Is féidir réimse faoi leith a leagan amach lena n-aghaidh nó iad a chur i gceapach maisiúcháin.
- Is féidir luibheanna a fhás ón siol nó as gearrhóg (bíonn treoir le fáil i leabhair mhaithe garraíodóireachta).
- Is saoire do chuid féin a fhás ná bheith á gceannach ó ionad garraíodóireachta. Tharlódh go mbeadh plandaí luibheanna ag tuismitheoirí a mbeifí sásta iad a thabhairt don scoil.
- Fásann peirsil, scothóg (lus buí), borraíste, biolar go héasca ón siol (féach an bhileog oibre maidir le siolta a chur).
- Is féidir gearrhóga plandaí a mbíonn an t-adhmad iontu bog a thógáil i rith an t-samhraidh agus is i rith an gheimhridh a thógtar gearrhóga plandaí a mbíonn adhmad cruu iontu.
- Is féidir luibheanna atá i bpotá a chur tráth ar bith den bhliain.
- Is féidir cúram na luibheanna a chur ar na ranganna sóisearacha.

2

Seo a leanas roinnt sampla de luibheanna úsáideacha

Bláthanna ar ábhar bia iad:

Borraíste, Calendula, Nasturtium

Luibheanna a ndéantar tae orthu:

Mismín, Lus na Meala Líomóide, Finéal

Cócaireacht:

Tím, Basal, Lus an Choire, Siobhas, Oragán, Lus Mín, Peirsil

3

Tionscadail Taighde

OSIE – Déan taighde mar gheall ar phlandaí comhludair: cén fáth ar úsáideach na plandaí iad comfar, neantóga, an chopóg & an caisearbhan?

An Oidhreacht Áitiúil –

Cén úsáid a bhainti as luibheanna san am a caitheadh? Cé na luibheanna a úsáidtear anois?

Ealaín/Cumarsáid – déantar pabhsae as luibheanna. Déantar taispeántas le cur sa gharraí nó ar chlár fógraí na Scoileanna Glasa de luibheanna nó de phlandaí úsáideacha a d'fhéadfaí a chur sa gharraí. Déantar leabhar treorach faoi luibheanna le luibheanna fáiscithe as an ngarraí.

Adhmadóireacht – déan ceapach luibheanna.

Cócaireacht – déantar tae ar luibh, cuirtear bláthanna itheacháin i saillead.



Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Luibheanna agus Plandaí Úsáideacha a chur

